Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — "Ag infheistiú sa lionsa inscne d'fhonn cur leis an gcomhionannas inscne san Aontas Eorpach"

(Tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 100/03)

Rapóirtéir: **Ody NEISINGH**

Comhrapóirtéir: **Maria NIKOLOPOULOU**

Comhairliúchán	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	23.11.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.12.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	574
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	172/6/7

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Creideann CESE go láidir go bhfuil ar ár gcumas éiceachóras airgeadais cuimsitheach a chruthú san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit trí chomhoibriú idir fir agus mná, agus trí bhonn bisiúil a chruthú d'fhiontraíocht na mban agus le hionstraimí leordhóthanacha airgeadais agus reachtacha, amhail buiséadú inscne, agus go mbeidh ar ár gcumas dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo an chomhionannais inscne.

1.2. Is bunriachtanais don phríomhshruthú inscne iad sonraí, measúnuithe tionchair agus táscairí comhchoiteanna. Ní mór sonraí agus táscairí ó na Ballstáit agus ó institiúidí ar leibhéal an Aontais a chomhchuibhiú chun go mbeidh ról fónta acu agus aghaidh á tabhairt ar an mbearna idir na hinscní. Tá sé á chur i bhfios go láidir ag CESE gur cheart don Aontas sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bhailiú maidir le hinfheistíochtaí sa chomhthéacs Eorpach agus iad a chomhtháthú san Innéacs bliantúil Comhionannais Inscne.

1.3. Is fiú súil a chaitheamh ar ról na n-aingeal gnó, ról na n-infheistíochtaí síolfhiontraíochta agus ról "ciorcal na tabhartha ar ais" (*the circle of giving back*) ar mhaithe le borradh a chur faoi fhás fhiontraíocht na mban amach anseo.

1.4. Tá CESE den tuairim láidir, trí fheabhas a chur ar sheasamh na mban maidir le cistí a fháil, go nginfear toradh iarmhartach dearfach as a dtiocfaidh torthaí airgeadais agus torthaí sóisialta níos fearr.

1.5. Chun bonn bisiúil a chruthú d'fhiontraíocht na mban, measann CESE gur den tábhacht deiseanna breise líonraithe agus oiliúna agus cláir mheantóireachta a chur ar fáil do mhná. Ina theannta sin, tá sé á chur i bhfios go láidir ag CESE a thábhachtaí atá an t-oideachas chun dúshlán na steiréitíopaí inscne a thabhairt, lena n-áirítear smaointe steiréitípiciúla d'fhiontraithe fir agus chun cultúr fiontraíochta a fhorbairt trína n-ullmhófar mná chun ligean lena smaointe.

1.6. Molann CESE go gcuirfeadh na Ballstáit rochtain ar fáil do bhanfhiontraithe ar shochair mháithreachais agus ar roghanna saoire tuismitheora i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe.

1.7. Tá CESE ag cur i dtreis gur cheart do na Ballstáit tosú ar spéis cailíní sna réimsí ETIM a mhúscailt ag céim luath ina saol, tacaíocht a thabhairt do bhanfhiontraithe agus do rólchuspaí baineanna sna hearnálacha sin agus infheistíocht a dhéanamh i gcláir lena músclófar spéis cailíní iar-bhunscoile sna hábhair ETIM.

1.8. Molann CESE príomhshruthú inscne a chur i bhfeidhm ar an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe a chur ar fáil do mhná agus trí ghné na hinscne a choinneáil mar chritéar maidir le leithdháileadh cistí Aontais agus náisiúnta agus sa soláthar poiblí ionas go ndéanfar tallann na mban a chur chun cinn i margadh an tsaothair agus í a choinneáil ann.

1.9. Molann CESE gur cheart éagsúlacht foirne, agus fócas sonrach ar mhná, a bheith ina critéar chun cistiú poiblí a fháil. Is den tábhacht caighdeáin shonracha a leagan síos chun an "corcra-snasú" ([1]) (*purplewashing*) a sheachaint.

1.10. Molann CESE gur cheart d'údaráis uile na hEorpa agus do na Ballstáit uirlisí le haghaidh buiséadú inscne a úsáid sa mheántéarma ar gach leibhéal den phróiseas buiséadach. Beidh ríthábhacht le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus leis an idirphlé sóisialta freisin chun teacht ar na réimsí nach mór díriú orthu tríd an mbuiséad.

1.11. Is ann do chlaontuairimí neamh-chomhfhiosacha san earnáil airgeadais i gcónaí, agus bíonn tábhacht ar an ábhar sin le feachtais feasachta agus oiliúint ar chlaontuairimí neamh-chomhfhiosacha d'infheisteoirí agus do ghiúiréithe. Ina theannta sin, measann CESE gur cheart giúiréithe uile na n-institiúidí airgeadais Eorpacha cothromaíocht inscne a bhaint amach a luaithe is féidir chun an homaifileacht nó an claonadh gur "bráithre lucht aon cheirde" a sheachaint, agus go bhfaighidís oiliúint ar chlaontuairimí neamh-chomhfhiosacha freisin.

1.12. Molann CESE go ndéanfadh an Coimisiún measúnú tionchair inscne ar bhuiséad bliantúil an Aontais a fhoilsiú agus a chur i láthair mar dhoiciméad i gceangal, agus tascfhórsa a chruthú a bheadh rannpháirteach sa chaibidlíocht agus a dhéanfadh cuspóirí an Aontais maidir le príomhshruthú inscne a ailíniú agus a chur san áireamh sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile (2028- 2034) agus san athbhreithniú meántéarma ar an CAI reatha (2021-2027) ([2]).

1.13. Tá CESE á iarraidh go mbeadh rochtain níos fearr ag eagraíochtaí ban ar chistí an Aontais trí nósanna imeachta a shimpliú agus trí dheontais a chur ar fáil dá bpríomhghníomhaíocht.

1.14. Ar deireadh, tá CESE á iarraidh go mbeidh fís uaillmhianach ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na hinstitiúidí Eorpacha maidir le buiséadú inscne agus infheistiú sa lionsa inscne, lena n-áirítear spriocanna nithiúla maidir le cistiú a bheith á fháil ag mná, eochairtháscairí feidhmíochta nithiúla, reachtaíocht, critéir nuashonraithe agus cláir nuashonraithe (threisithe) maidir le feabhas a chur ar fhiontraíocht na mban agus ar rochtain ar mhaoiniú (e.g., deontais thiomnaithe do mhná, cistiú tiomnaithe comhpháirtíochta teoranta le haghaidh cistí faoi úinéireacht na mban agus faoi chomhúinéireacht, ráthaíochtaí d'iasachtaí nó micreamhaoiniú, ardáin chomhinfheistíochta, bannaí inscne nó micrichreidmheasanna).

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Tá an príomhshruthú inscne ina phríomhchuspóir de chuid an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh araon. In ainneoin na n-oibleagáidí dlíthiúla sin chun comhionannas idir mná agus fir a áirithiú, is go mall a rinneadh aon dul chun cinn maidir le príomhshruthú inscne éifeachtach, go háirithe a mhéid a bhaineann le maoiniú agus buiséid.

2.2. Is mian leis an tuairim seo béim a leagan ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an bhfiontraíocht, le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha agus leis an mbuiséadú i ndáil le comhionannas inscne, agus a iarraidh go mbeadh fís uaillmhianach ag na hinstitiúidí Eorpacha agus na Ballstáit maidir le hinfheistiú sa lionsa inscne agus buiséadú inscne. Beidh tionchar dearfach ag an bhfócas sin ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach maidir le comhionannas inscne a chur i gcrích (SDG 5) agus neamhionannais a laghdú (SDG 10). Is fiú a aithint freisin maidir le comhionannas inscne a bhaint amach, nach ndéanfar é gan comhoibriú ó mhná agus ó fhir araon chun an comhionannas a chur chun cinn.

([1]) Is éard atá i gceist leis an "corcra-snasú" go ligeann comhlachtaí orthu féin go bhfuil siad thar a bheith gníomhach ó thaobh comhionannas inscne de ach, i ndáiríre, go bhfuil siad ag titim chun deiridh (amhail an "glas-snasú" i gcúrsaí inbhuanaitheachta).

([2]) D'Alfonso, A. (2021). An creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (europa.eu) (Faisnéisiú ó EPRS; PE 637.979). Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa. *Mhol an Coimisiún Eorpach go ndéanfaí athbhreithniú meántéarma éigeantach ar fheidhmiú CAI, a dhéanfar faoi mhí na Nollag 2023*, lch. 8.

2.3. De réir an Choimisiúin Eorpaigh, is mná iad thart ar 52 % den daonra iomlán san Eoraip, ach níl ach 34,4 % de dhaoine féinfhostaithe agus 30 % d'fhiontraithe nuathionscanta ar mná iad ([3]).

2.4. Is foirne bunaitheoirí ar fir amháin atá iontu a fhaigheann beagnach 92 % den chaipiteal fiontair ar fad a infheistítear san Eoraip. Maidir le cistiú, sna céimeanna luatha ní thugtar ach 1 % den chistiú do chuideachtaí a bhíonn á stiúradh ag mná, agus ní théann sé níos airde ná 30 % sna céimeanna níos faide anonn riamh, cé go bhfuarthas gur fearr a chruthaíonn foirne bunaitheoirí ar mná amháin iad agus foirne inscne measctha ná na foirne bunaitheoirí ar fir amháin atá iontu ([4]) ([5]) ([6]) ([7]).

2.5. I mí an Mhárta 2017, thuairiscigh ECFE maidir le gach tír seachas na Stáit Aontaithe, Meicsiceo, an Ghréig agus an Indinéis, gur lú an seans go dtuairisceoidh mná ná fir gur féidir leo rochtain a fháil ar an maoiniú a theastaíonn chun gnó a thionscnamh. D'fhéadfadh baint a bheith ag an mbearna inscne sin le leibhéil níos ísle taithí a bheith ag mná, iad ag feidhmiú in earnálacha ina bhfuil iomaíocht ghéar agus fás íseal, agus le scóráil creidmheasa atá laofa ó thaobh inscne de agus steiréitíopáil ar bhonn inscne sna meastóireachtaí infheistíochta. Is minic rochtain níos lú ar sheirbhísí bunúsacha airgeadais (e.g. cuntas reatha agus cuntas coigiltis) ina bac ar mhná freisin ([8]). Ina theannta sin, is mó seans go ndiúltaítear do mhná féinfhostaithe ná d'fhir fhéinfhostaithe mar iasachtaithe.

2.6. De réir Straitéis 2020-2025 an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhionannas Inscne, ní mná iad ach duine as gach deichniúr cinnteoirí sna gnólachtaí caipitil fiontair (VC) agus sna gnólachtaí cothromais phríobháidigh, cé gur mná iad 72 % de na comhpháirtithe i gcistí príobháideacha áirithe a sainaithníodh iad a bheith ag feidhmiú le fócas inscne. Tugadh le fios sna torthaí gur fir, ar an meán, atá in 85 % de na comhpháirtithe ginearálta sna gnólachtaí caipitil fiontair agus nach bhfuil ach 15 % díobh ar mná iad. I gcás mná ar comhpháirtithe iad, is gnách gur comhpháirtithe cistí níos lú iad.

2.7. Chuir paindéim COVID-19 leis na neamhionannais inscne agus eacnamaíocha. Ó thaobh gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha de, tá idirdhealú soiléir ann maidir le tionchar na paindéime ar na hinscní difriúla. Chuaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm, freisin, ar rochtain na mban ar mhaoiniú. Cé nach ann do na figiúirí Eorpacha, chonacthas sna Stáit Aontaithe fiú gur mhéadaigh ar an mbearna inscne a bhí ann cheana maidir le cistiú caipitil fiontair i gcás gnólachtaí nuathionscanta arna stiúradh ag mná ([9]).

2.8. Tá dlús á chur, ar bhonn domhanda, leis an bhfeasacht maidir le hinfheistiú sa lionsa inscne. Tá an t-éiceachóras Eorpach infheistíochta d'fhiontraithe agus bunaitheoirí ar mná iad ilroinnte i gcónaí, áfach, agus fócas inscne córasach agus straitéiseach in easnamh ([10]). Tá ganntanas cistí sonracha um chomhionannas inscne ann, agus teipeann ar na tionscnaimh sin níos mó banfhiontraithe a mhealladh. Airgead na gcáiníocóirí is ea thart ar 50 % den chistiú san Aontas Eorpach. Le comhiarracht ar leibhéal an Aontais trína gcruthófaí éiceachóras maoinithe níos cothroime agus níos caolchúisí ó thaobh inscne de, mar aon le tionlacan a chur ar fáil ar feadh an phróisis iomláin chun gnólacht a chruthú, d'fhéadfaí comhdhearcadh a thógáil agus cabhrú chun na bacainní ar an athrú a shárú.

2.9. Sa chaibidlíocht faoi infheistiú sa lionsa inscne, ní mór dúinn a bheith feasach ó thaobh na dtrasnaíochtaí uile le neamhionannais eile a mbíonn tionchar níos mó fós acu ar an rochtain ar mhaoiniú, amhail mná faoi mhíchumas, mná a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, mná óga, mná a bhfuil cúlra imirce acu, nó an trasphointe le gnéaschlaonadh, cine, etc.

([3]) https://www.eib.org/attachments/thematic/why_are_women_entrepreneurs_missing_out_on_funding_en.pdf.
([4]) Eurostat agus an Coimisiún Eorpach. The State of European Tech 2020; Atomico (2020).
([5]) *Why are women entrepreneurs missing out on funding? Reflections and considerations – Executive summary* (eib.org).
([6]) *Funding women entrepreneurs: How to empower growth, 2020*.
([7]) https://europeanwomeninvc.idcinteractive.net/8/.
([8]) *COSME Programme Call for Proposals Encouraging community building around the issue of women entrepreneurship – Management and running of the WEgate platform.*.
([9]) *Women-Led Startups Received Just 2,3 % of VC Funding in 2020* (hbr.org).
([10]) Mná na Náisiún Aontaithe (2021) *Investment with a gender lens in Europe*.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Tá CESE den tuairim láidir, trí fheabhas a chur ar sheasamh na mban maidir le cistí a fháil, go nginfear toradh iarmhartach dearfach as a dtiocfaidh torthaí airgeadais agus sóisialta níos fearr. Sna cásanna sin inar mná iad na caipitlithe fiontair a dhéanann na cinntí, bíonn dóchúlacht dhá oiread níos mó ann go n-infheisteoidh siad i bhfoirne bunaitheoirí a mbeidh mná amháin iontu, rud a mhéadóidh ar fhostaíocht na mban. Maidir le gnólachtaí nuathionscanta a bhfuil bunaitheoirí baineanna acu, glacann siad a 2,5 oiread níos mó ban isteach san fhoireann. Maidir le cuideachtaí ina mbíonn bean i measc na mbunaitheoirí agus ina bhfuil feidhmeannach ar bean í, fostaíonn siad a sé oiread níos mó ban ([11]).

3.2. Baineann ríthábhacht le bailiú sonraí chun an staid reatha a mheas agus straitéisí a dhearadh chun dul ar aghaidh. Mar sin féin, cé go mbailíonn an Coimisiún, an Chomhairle, ECFE, EuroStat agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne sonraí maidir le neart gnéithe inscne, ní mór iad a chomhchuibhiú chun go mbeidh ról fónta acu agus aghaidh á tabhairt ar an mbearna idir na hinscní. Ní mór é a bheith éigeantach do na Ballstáit sonraí ábhartha a bhailiú. Ba cheart na modheolaíochtaí agus na méadrachtaí a úsáidtear a thabhairt le chéile chun dearcadh iomlánaíoch a chruthú agus chun go bhféadfaidís sonraí breise (laofacht shóisialta, laofacht eitneachta, laofacht trasnachais, etc.) a úsáid a fhágfaidh go bhféadfar faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar bheartais. Ina theannta sin, ní mór staidéir anailíseacha níos rialta agus níos fearr a dhéanamh. Tá sé á chur i bhfios go láidir ag CESE gur cheart don Aontas sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bhailiú maidir le hinfheistíochtaí sa chomhthéacs Eorpach agus iad a chomhtháthú san Innéacs bliantúil Comhionannais Inscne.

3.3. Tá sé chomh tábhachtach céanna féachaint ar mhéid an ticéid (an méid airgid a infheistíodh), agus ar ról na n-aingeal gnó agus na n-infheistíochtaí síolfhiontraíochta. B'fhiú taighde a dhéanamh ar "ciorcal na tabhartha ar ais" freisin: mná a n-infheistítear iontu, a bhfásann a ngnó agus a thosaíonn ar chaipiteal infheistíochta dá gcuid féin a fhás agus a ndéanann aingeal gnó díobh féin. D'fhéadfadh an méid sin a bheith ina luasaire dearfach maidir le fás fhiontraíocht na mban amach anseo agus d'fhéadfaí cur leis trí fheachtais cur chun cinn spriocdhírithe, lena ndíreofaí ar an tuiscint ghinearálta ar na deiseanna agus ar an gcuidiú a d'fhéadfadh a bheith á dtabhairt ag aingil ghnó a mhéadú, mar aon le faisnéis faoin tslí le tabhairt faoi. D'fhéadfadh na Ballstáit féachaint freisin an bhféadfaí faoiseamh cánach a thabhairt mar thacaíocht dó.

3.4. Measann CESE go mbainfear príomhshruthú inscne amach san Aontas tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn go gníomhach sa phróiseas ceaptha beartais agus sa chinnteoireacht uile, lena n-áirítear beartais shóisialta agus chomhtháthaithe agus beartas iomaíochta an Aontais – agus trí bhuiséad an Aontais a chaitheamh. Ní ann go fóill do na réamhriachtanais ná d'fhaireachán éifeachtach le linn cur chun feidhme, d'fhonn gníomhaíochtaí beartais a choigeartú dá mba ghá. Ós rud é gurb eol dúinn nach bhfuil éifeachtaí phaindéim COVID-19 neodrach i dtaobh inscne, tá CESE á iarraidh arís eile ar lucht ceaptha beartas ar gach leibhéal prionsabal an phríomhshruthaithe inscne a leanúint agus gné an chomhionannais inscne a chur san áireamh sna cinntí uile, lena n-áirítear cinntí a bhaineann le buiséadú, infheistíocht agus cistiú agus soláthar poiblí. San áireamh ansin freisin tá timthriall buiséadach CAI 2021-27 agus na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, agus ba cheart measúnuithe tionchair inscne, táscairí ceangailteacha cuí, agus córais faireacháin agus meastóireachta a áireamh iontu freisin ([12]).

3.5. I dtuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a foilsíodh le déanaí luaitear gur beag aird a thug an Coimisiún ar an anailís ar bhonn inscne ar na beartais agus na cláir a bhí scrúdaithe acu. Ní raibh ach úsáid theoranta á baint aige as sonraí agus táscairí a imdhealaítear ar bhonn inscne, agus gan ach beagán á fhoilsiú aige maidir le tionchar foriomlán bhuiséad an Aontais ar an gcomhionannas inscne. Mar sin féin, i réimsí ina raibh ceanglais dhlíthiúla leagtha amach go mion, éascaíodh ionchorprú an chomhionannais inscne i gcláir.

4. **Gníomhaíochtaí nithiúla**

4.1. *Bonn bisiúil a chruthú do bhanfhiontraithe*

4.1.1. Chun bonn bisiúil a chruthú d'fhiontraíocht na mban, measann CESE gur den tábhacht deiseanna breise líonraithe agus oiliúna agus cláir mheantóireachta a chur ar fáil do mhná. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh mná "líonra lucht aitheantais na mban" a fhorbairt ("*old girls' network*") amhail "líonra lucht aitheantais na bhfear" ("*old boys' network*") atá ann cheana, óir is gnách líonraí níos lú a bheith ag mná, agus gan iad chomh hilchineálach céanna. Bíonn ról tábhachtach ag eiseamláirí agus meantóirí freisin. I staidéar a rinneadh san Iodáil, dúirt 70 % de chailíní gur bhraith siad difriúil faoina dtodhchaí tar éis dóibh bualadh le rólchuspa ar bean í.

([11]) https://www.kauffmanfellows.org/journal_posts/women-vcs-invest-in-up-to-2x-more-female-founders.

([12]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — "Infheistíochtaí inscnebhunaithe sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta" (IO C 100, 16.3.2023, lch. 8).

4.1.2. Cuirtear tús le smaointe faoi steiréitíopaí na fiontraíochta chomh fada siar leis an mbunoideachas. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE a thábhachtaí atá an t-oideachas chun dúshlán na steiréitíopaí inscne a thabhairt, lena n-áirítear smaointe steiréitipiciúla d'fhiontraithe ar fir iad agus chun cultúr fiontraíochta a fhorbairt faoina n-ullmhaítear mná chun ligean lena smaointe. Tá áiteanna san Eoraip ina mbíonn drochíomhá shóisialta fós ag baint le banfhiontraithe agus banfheidhmeannaigh. Rud eile, bíonn ról ríthábhachtach ag scoileanna maidir le fothú acmhainneachta i leith airgeadais agus fiontraíochta, agus ba cheart na scileanna sin a chuimsiú sna curaclaim scoile, iad á dtosú sa bhunoideachas agus á n-athneartú agus á bhforbairt ar fud an chórais scolaíochta. B'fhiú aontaí fiontraíochta agus cláir eile ina bhféadfadh mná rochtain a fháil ar airgead síl, mar aon le cur chuige a bhaineann le cailíní san eolaíocht mar shampla, chun fiontraíocht na mban a spreagadh ó chéim luath.

4.1.3. Is feiniméan é "siondróm an phasadóra" faoina mbíonn daoine in amhras maidir lena gcumas agus iad ag brath nach bhfuil siad sách maith ag an obair a dhéanann siad. Is siondróm an-fhorleathan é sin i measc banfhiontraithe. Ach breis oibre a dhéanamh ar chumais ban agus ar a bhféinmheas ó thús deireadh an chórais oideachais, ní bheadh sé ina scéal chomh mór sin agus d'osclófaí peirspictíochtaí breise amach d'fhorbairt na mban ([13]).

4.1.4. Tríd is tríd, is bac ar an bhfiontraíocht é an ganntanas ama ar mhná i láthair na huaire mar gheall ar na freagrachtaí cúraim gan íocaíocht a bhíonn orthu. Beidh ríthábhacht le hathruithe cultúrtha, amhail comhfhreagracht i measc na gcomhpháirtithe maidir le reáchtáil an teaghlaigh agus cúram a dhéanamh de leanaí agus daoine eile, mar aon le bearta sistéamacha amhail cúram inacmhainne nó saor in aisce do leanaí agus daoine scothaosta. Molann CESE go gcuirfeadh na Ballstáit rochtain ar fáil do bhanfhiontraithe ar shochair mháithreachais agus ar bhearta um shaoire tuismitheora i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe ([14]) ([15]).

4.1.5. Is minic gur ag díriú ar mhargaí agus earnálacha ina bhfuil ionadaíocht mhaith ag mná cheana féin a bhíonn na cláir oiliúna don fhiontraíocht a spriocdhírítear ar mhná. Tá earnálacha áirithe ina bhfuil banfhiontraithe go mór faoi ghannionadaíocht, amhail i réimsí ardteicneolaíochta agus eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (réimsí ETIM). Tá sé á chur i bhfios go láidir ag CESE gur cheart do na Ballstáit tosú ar spéis cailíní sna réimsí sin a mhúscailt ag céim luath ina saol, tacaíocht a thabhairt do bhanfhiontraithe agus do rólchuspaí baineanna sna hearnálacha sin agus infheistíocht a dhéanamh i gcláir lena músclófar spéis cailíní iar-bhunscoile sna hábhair ETIM.

4.1.6. Tá an éagothroime inscne sa mhargadh saothair faoi láthair ina bac freisin ar na hiarrachtaí a dhéanfaidh mná amach anseo. Is lú na deiseanna a bhíonn ag mná oiliúint chuí bhainistíochta agus fiontraíochta a fháil, agus coigilteas, chun a ngnó a thosú. Dá bhrí sin, is mó na bacainní a bhíonn roimh mhná óga gnó a thosú. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an bhearna phá idir na hinscní nó an easpa pá cóir teorainn a chur lena n-acmhainní airgeadais. Tá CESE den tuairim, ós rud é go n-éilítear infheistíocht phríobháideach tosaigh ón bhfiontraí i gcás go leor de na deiseanna cistiúcháin, go rachaidh dúnadh na bearna pá idir na hinscní agus réiteach na héagothroime inscne i margadh an tsaothair chun tairbhe d'fhiontraíocht na mban.

4.1.7. Is fearr an seans go ndéanfaidh mná gnó a thosú i réimsí inbhuanaithe agus sóisialta d'fhonn difear dearfach intomhaiste a dhéanamh don tsochaí ([16]) agus d'fhonn gnólacht nuathionscanta sóisialta a reáchtáil ([17]). Maidir le cuideachtaí a fheidhmíonn faoi chuimsiú an gheilleagair shóisialta, is riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta na bpobal agus a n-oibrithe, chomh maith leis an inbhuaine comhshaoil, a chuireann siad i gcroílár a ngníomhaíochta. Déanann siad infheistíocht i gcúrsaí folláine agus cuireann siad luachanna i gcroílár a ngnó. Dá bhrí sin, is tionchar dearfach ar fhuascailt eacnamaíoch agus forbairt na mban a thiocfaidh as maoiniú breise do thionscadail an gheilleagair shóisialta agus cruthú éiceachóras fiontair shóisialta a chur chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh cur chun cinn fhiontraíocht na mban borradh faoi fhás na bhfiontar sóisialta. Tá sé tugtha dá aire ag an gCoimisiún Eorpach sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta *go mbíonn banfhiontraithe níos leithleadaí san fhiontraíocht shóisialta ná sa ghnáthfhiontraíocht*. Mar sin féin, ní ann d'aon ghníomhaíochtaí spriocdhírithe chun borradh a chur faoi fhiontraíocht na mban, lena n-áirítear fiontraíocht shóisialta. Molann CESE príomhshruthú inscne a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta ([18]) trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe a chur ar fáil do mhná.

([13]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Comhionannas inscne (Tústuairim arna hiarraidh sin d'Uachtaránacht na Seicia) (IO C 443, 22.11.2022, lch. 63).

([14]) Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch. 79).

([15]) Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, arna ghlacadh an 8 Samhain 2019.

([16]) *The Value of Investing in Female Founders* (Forbes, 2019).

([17]) De réir S&P Global, a rinne suirbhé margaidh ar infheisteoirí in aon tír déag.

([18]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Building an economy that works for people: an action plan for the social economy Geilleagar a thógáil a fhóireann do dhaoine: plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta (COM(2021) 778 final).

4.2. *Athrú a chruthú laistigh den earnáil airgeadais agus infheistíochta*

4.2.1. Ba cheart ról lárnach a bheith ag an Aontas maidir le bonn bisiúil a chruthú le haghaidh éiceachóras ina mbeidh an-aird ar inscne. Ba ó cheithre thír Aontais (an tSualainn, an Ghearmáin, an Spáinn agus an Fhrainc) a fuarthas tromlach chistiú Shraith C le haghaidh cuideachtaí faoi stiúir na mban idir 2006-2018 san Eoraip. Maidir leis na tíortha sin ar bharr an liosta, bhí tacaíocht acu ó éiceachóras láidir agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun ionchuimsiú ar bhonn inscne a chur chun cinn ([19]). Molann CESE líonra Eorpach infheisteoirí a bheidh feasach ar shaincheisteanna inscne a fhorbairt a bheidh in ann dea-chleachtais a chomhroinnt agus na deiseanna maoiniúcháin atá ann cheana i ndáil le fiontraíocht na mban a chur chun cinn. San idirphlé leis an earnáil phríobháideach d'fhéadfaí leas a bhaint as *Investing in Women Code* de chuid an British Business Bank, ar gealltanas é ó ghnólachtaí seirbhísí airgeadais chun rochtain banfhiontraithe ar uirlisí, acmhainní agus airgeadas a fheabhsú ([20]).

4.2.2. Is bean í duine as gach deichniúr cinnteoirí maidir le Caipiteal Fiontair agus Cothromas Príobháideach. Ní mór tallann na mban a mhealladh chuig an earnáil airgeadais agus infheistíochta agus feabhas a chur ar fhorbairt ghairme na mban laistigh den earnáil sin chun an cultúr fireann atá san earnáil faoi láthair, ar cultúr é a fhágann go mbíonn sé neamhtharraingteach do mhná fanacht san earnáil sin nó tosú inti, a iompú ina chultúr cuimsitheach. Ba cheart toradh infheistíochta a thomhas leis an gcultúr sin, ní hamháin trí thuarascálacha eacnamaíocha, ach freisin trí inbhuanaitheacht agus torthaí sóisialta a n-infheistíochta. Dá bhrí sin, ba mhaith le CESE éagsúlacht foirne bainistíochta agus bunaitheoirí a bheith ar na príomhchritéir chun cistiú poiblí, lena n-áirítear cistí poiblí pinsean, a fháil agus sa tslí sin spreagadh a thabhairt d'earcú thallann na mban san earnáil airgeadais agus infheistíochta agus don tallann sin a choinneáil. Molann CESE freisin go ndéanfadh na Ballstáit dea-chleachtais a mhalartú maidir le modhanna chun éagsúlacht foirne agus foirne arna stiúradh ag mná san earnáil airgeadais a chur chun cinn. Ba cheart séala barr feabhais d'infheisteoirí nó caighdeán in earnáil na hinfheistíochta a fhorbairt. D'fhéadfadh caighdeán a bheith ar cheann de na critéir agus iarratas á dhéanamh ar chistiú poiblí ([21]). Seachas é a bheith ina ghealltanas aon uaire, d'fhéadfaí iniúchóireacht agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh i gcás caighdeán den sórt sin chun an "snasú-corcra" a sheachaint.

4.2.3. Molann CESE rochtain ar chúnamh teicniúil agus oiliúint maidir le hinfheistiú sa lionsa inscne, arna gcur ar fáil ag an Aontas Eorpach nó ag na Ballstáit, a thabhairt d'institiúidí san earnáil airgeadais phríobháideach.

4.2.4. Glactar leis go coitianta gur mó an drogall a bhíonn ar mhná dul i bhfiontar ná fir, go mbíonn siad níos faichillí agus go mbaineann níos lú d'iompraíocht an iomaíochais leo. Molann CESE an iompraíocht sin a mbaineann riosca níos lú léi a léiriú sna hionstraimí airgeadais agus táirgí sonracha le haghaidh tionscadail ísealriosca áirithe a thógáil ar táirgí iad lena gceanglaítear níos lú ráthaíochtaí agus rátaí úis níos ísle chun iasacht a dheonú, nó céatadán níos airde den chaipiteal tosaigh a chumhdach nuair a bheadh fóirdheontas á dheonú.

Is ann do chlaontachtaí i gcónaí san earnáil airgeadais, iad neamh-chomhfhiosach go minic, mar shampla gur coitianta smaointe arna gcur i láthair ag fir, nó gur ar an tionchar sóisialta a bhíonn an t-ábhar arna scríobh ag mná, ach gur ar chúrsaí airgeadais agus ar uimhreacha is mó a dhíríonn na fir. D'fhéadfadh an-tábhacht a bheith le feachtais feasachta agus oiliúint sa chlaontacht neamh-chomhfhiosach le haghaidh infheisteoirí agus giúiréithe chun feasacht faoi na claontachtaí sin a mhúscailt. Tá ríthábhacht le múscailt feasachta laistigh den earnáil freisin faoina thábhachtaí atá samhlacha gnó láidre agus athléimneacha a fhásann go mall ach go réidh, seachas fócas ar ioncam agus luach a fhás go gasta sa ghearrthéarma.

4.3. *Buiséadú Inscne agus Infheistiú sa Lionsa Inscne trí chistiú poiblí*

4.3.1. Léirítear i mbuiséid de ghnáth na tosaíochtaí polaitiúla agus is iad an ionstraim beartais eacnamaíoch is tábhachtaí iad a mhéid a bhaineann le sochaithe a chlaochlú. Bíonn ról tábhachtach ag beartais phoiblí maidir le bealach a réiteach agus timpeallacht chumasúcháin a chruthú le haghaidh infheisteoirí, ionas go gcruthófar fostaíocht chuibhiúil. Maidir le buiséadú inscne, cistiú spriocdhírithe do chumhachtú na mban, cur in áirithe buiséadach agus nósanna imeachta agus próisis soláthair phoiblí atá freagrúil ó thaobh inscne de a rialáil mar bhealach chun buiséadú inscne a chur chun feidhme, aithníodh le fada an lá gur uirlisí riachtanacha iad uile chun comhionannas inscne a bhaint amach.

([19]) *Funding Women Entrepreneurs Through MFF 2021-2027 EU Parliament hearing Women & Investment*, Aibreán 19, 2021.
([20]) https://www.british-business-bank.co.uk/investing-in-women-code/.
([21]) Dea-shampla is ea an caighdeán *Diversity VC* atá in úsáid anois ar fud an Aontais agus na Stát Aontaithe: www.diversity.vc.

4.3.2. Is próiseas é an buiséadú inscne trína scrúdaítear buiséid phoiblí chun a mheas an amhlaidh a rannchuidíonn siad le comhionannas breise idir mná agus fir, agus trína n-athmhúnlaítear iad dá réir chun a chinntiú go ndéanann siad amhlaidh. Bíonn cur chuige dériain nó déach ag teastáil sa bhuiséadú inscne: an comhionannas inscne a phríomhshruthú sna buiséid agus cláir uile agus cistiú sonrach spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne. Ba cheart an ghné inscne a chomhtháthú i ngach céim den timthriall buiséadach, sna tograí buiséadacha (ex ante), le linn an chaiteachais féin (ex nunc) agus sa mheastóireacht agus rialú a dhéantar ar an airgead a chaitear go hiarbhír (ex post). Is bunriachtanais iad sonraí, measúnuithe tionchair agus táscairí coiteanna don phríomhshruthú inscne ar fud thimthriall an bhuiséadaithe: pleanáil, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht. Cé go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag na Ballstáit sonraí imdhealaithe ar bhonn inscne a bhailiú, is é an t-aon bhealach é chun dul chun cinn a dhéanamh agus beartais chuí maidir leis an bpríomhshruthú inscne a bhunú.

4.3.3. Molann CESE gur cheart d'údaráis uile na hEorpa agus do na Ballstáit uirlisí le haghaidh buiséadú inscne a úsáid sa mheántéarma ar gach leibhéal den phróiseas buiséadach. Beidh ríthábhacht le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus leis an idirphlé sóisialta freisin chun teacht ar na réimsí nach mór díriú orthu tríd an mbuiséad. Is réamhchoinníoll í anailís inscne le haghaidh buiséadú inscne agus príomhshruthú inscne maidir le beartais (airgeadais), go háirithe an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), pacáiste Next Generation EU agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an mBeartas Comhtháthaithe, atá ar cheann de na huirlisí riachtanacha chun míchothromaíochtaí idir tíortha agus réigiúin a chur ina gceart. Molann CESE sonraí a bhaineann go sonrach le comhionannas inscne sa Bheartas Comhtháthaithe a bhailiú de réir táscairí a forbraíodh go sainráite chun na críche sin.

4.3.4. Is cúis áthais do CESE a fheiceáil go bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún le clár oiliúna inmheánach maidir le buiséadú inscne, ach ní mór an méid é, mar sin féin. Ba mhaith le CESE a fheiceáil go bhfuil oiliúint chuí á cur ar na daoine uile a oibríonn ar bhuiséid an Choimisiúin Eorpaigh agus in institiúidí airgeadais an Aontais maidir le hinfheistiú sa lionsa inscne, príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne. Beidh ríthábhacht leis an oiliúint sin ar an leibhéal náisiúnta freisin chun cuspóirí comhionannais inscne a chur chun feidhme.

4.3.5. Tá CESE den tuairim go mbeidh sé tábhachtach cistí tiomnaithe agus ionstraimí airgeadais tiomnaithe a chruthú a thabharfaidh tacaíocht d'fhiontraíocht na mban, lena n-áirítear cistí caipitil fiontair agus cistí cothromais phríobháidigh arna stiúradh ag mná (agus faoi chomhstiúrthóireacht) agus ar le mná iad, agus féachaint ar réitigh nuálacha maoiniúcháin freisin trína ndírítear ar theipeanna margaidh (e.g., deontais dhílsithe do mhná, cistiú dílsithe comhpháirtíochta teoranta le haghaidh cistí faoi úinéireacht na mban agus faoi chomhúinéireacht, ráthaíochtaí d'iasachtaí nó micreamhaoiniú, ardáin chomhinfheistíochta, bannaí inscne nó micriasachtaí).

4.3.6. Thairis sin, tá CESE den tuairim gur gá critéir na gcistí infheistíochta a nuashonrú chun an bhearna idir na hinscní a laghdú. Mar shampla, má dhéanann cistí Eorpacha amhail Invest EU agus an Ciste Eorpach Infheistíochta úsáid a bhaint as "taithí" mar chritéar tábhachtach sa chistiú nuathionscanta ach gan úsáid a bhaint as "éagsúlacht", ní bheidh rochtain chomhionann ar an margadh caipitil á deonú againn do mhná. Agus iarratas á dhéanamh ar chistiú poiblí, molann CESE gur cheart measúnú ar chiste cistí (FOF), caipiteal fiontair agus cistí cothromais phríobháidigh a bheith ag brath ar phlean comhionannais inscne a bheith ann, lena n-áirítear straitéis an chiste maidir le hinfheistiú sa lionsa inscne agus gealltanas na gcistí comhionannas inscne a bhaint amach.

4.3.7. Ba cheart buiséadú inscne agus infheistiú sa lionsa inscne a úsáid mar phrionsabail lasmuigh de theorainneacha na hEorpa freisin maidir le sásraí le haghaidh maoiniú seachtrach, lena n-áirítear beartais maidir le comhar um fhorbairt.

4.3.8. Ba cheart don Choimisiún Eorpach measúnú tionchair inscne a dhéanamh ar bhuiséad bliantúil an Aontais agus é a chur i láthair mar dhoiciméad i gceangal leis. Feidhmeoidh an iarscríbhinn sin a bheidh i gceangal leis an mbuiséad mar dhoiciméad faireacháin ar an bpríomhshruthú inscne agus é d'aidhm aige buiséid a athmhúnlú amach anseo, agus d'fhéadfadh an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM) de chuid Pharlaimint na hEorpa tuairim a ghlacadh i ndáil leis. Molann CESE freisin an fhaisnéis agus an taighde a fhoilsiú, i gcomhairle le saineolaithe ar bhuiséadú inscne agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn ar son an chomhionannais inscne, i bhfad roimh an gcinneadh parlaiminteach maidir leis an mbuiséad bliantúil, chun díospóireachtaí leathana a spreagadh faoi bheartais bhuiséadacha agus mhaicreacnamaíocha.

4.3.9. Deir CESE gur cheart giúiréithe uile na n-institiúidí airgeadais Eorpacha cothromaíocht inscne a bhaint amach a luaithe is féidir chun an homaifileacht nó an claonadh gur "bráithre lucht aon cheirde" a sheachaint, agus go bhfaighidís oiliúint ar chlaontuairimí neamh-chomhfhiosacha freisin. Rinne an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, mar shampla, sprioc a leagan síos faoina clár luasaire chun feabhas a chur ar líon na ngnólachtaí nuathionscanta arna stiúradh ag mná, trí líon na gcomhaltaí giúiré baineanna a mhéadú go 50 %, agus trí chuireadh a thabhairt do níos mó ban cur i láthair a dhéanamh faoina ngnólachtaí. Mhéadaigh an Chomhairle céatadán na ngnólachtaí nuathionscanta arna stiúradh ag mná ó 8 % go 29 %.

4.3.10. Molaimid freisin Stiúrthóir Banfhiontraíochta nó ionadaí ardleibhéil laistigh den Choimisiún Eorpach agus laistigh d'aireachtaí fiontraíochta na mBallstát a cheapadh agus ról tras-ranna ag an té sin maidir le feasacht a mhúscailt agus cur chun cinn a dhéanamh ar na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann le breis ban a spreagadh chun gnólachtaí a thosú agus a fhás, gnólachtaí sóisialta san áireamh.

4.3.11. Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil do ról na ngníomhaireachtaí forbartha poiblí, áitiúla nó réigiúnacha sa mhargadh infheistíochta agus dá ról maidir le tionchar sóisialta. Mar shampla, san Ísiltír, déanann na gníomhaireachtaí forbartha réigiúnacha sin infheistíocht i ngnólachtaí nuathionscanta agus is mór acu an tionchar sóisialta.

4.3.12. Déantar tearcmhaoiniú san Eoraip tríd is tríd ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamhbhrabúis a oibríonn ar mhaithe le príomhshruthú inscne. Tá CESE á iarraidh go mbeadh rochtain níos fearr ag eagraíochtaí ban ar na cistí Aontais trí nósanna imeachta a shimpliú agus trí dheontais a chur ar fáil dá bpríomhghníomhaíocht. Ba cheart na nósanna imeachta trína ndeonaítear cistí struchtúracha a bheith níos ailínithe leis na cistí díreacha chun an rómhaorlathas a sheachaint.

4.3.13. Ar deireadh, tá CESE á iarraidh go mbeadh fís uaillmhianach ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na hinstitiúidí Eorpacha maidir le buiséadú inscne agus infheistiú sa lionsa inscne, lena n-áirítear spriocanna nithiúla maidir le cistiú a bheith á fháil ag mná, eochairtháscairí feidhmíochta nithiúla, reachtaíocht, critéir nuashonraithe agus cláir nuashonraithe (threisithe) maidir le feabhas a chur ar fhiontraíocht na mban agus ar an rochtain ar mhaoiniú. Molann CESE Meitheal um Buiséadú Inscne a bhunú laistigh den Choimisiún Eorpach, trína ndéanfaí inscne a phríomhshruthú sa CAI reatha agus in ionstraimí airgeadais eile. Chun ullmhú do phríomhshruthú inscne níos stóinsithe amach anseo, molann CESE tascfhórsa a chruthú a luaithe is féidir i measc institiúidí an Aontais chun páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht agus chun cuspóirí an Aontais maidir le príomhshruthú inscne a ailíniú agus chun iad a bheith san áireamh sa chéad CAI eile.

An Bhruiséil, an 14 Nollaig 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG